Fadhbanna le Pasanna

Ceist 1 **(a)** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi stailc in oifigí na bpasanna. Beidh ort an leagan Gaeilge de na frásaí thíos a aimsiú sa tuairisc. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi chuid díobh sula n-éisteann tú leis an tuairisc?

1. there was a lot of confusion

bhí sé _ _ _ c _ _ _ r t _ _ _ _ _ _ _ _

2. Department of Foreign Affairs

An R _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ E _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. their duties

a g _ _ _ _ _ _ _ l _ _ s

4. fulfill

a cho _ _ _ _ _ _ _ _ _

5. union

c _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

6. unlike (Baile Átha Cliath)

m _ _ _ _ i _ _ _ _ n agus BÁC

7. difficulties came to head

tháinig d_ _ _ _ _ _ _ _ _ í c _ _ _ c_ _ _

8. emergency

é _ _ _ _ _ _ _ _ _

9. in the same predicament

sa _ _ _ _ _ _ c _ _ _ _ _ _

10. backlogs

r _ _ _ _ _ _ _ _

11. disciplinary process

p _ _ _ _ _ _ _ s _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

12. the *CPSU* warned the government

chuir an *CPSU* f _ _ _ _ _ _ _ _ rialtas

(b) Anois féach ar an tuairisc agus féach an raibh an ceart agat in (a) thuas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Ceist 2 Éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú:

1. Cé hiad na daoine / dreamanna seo a leanas agus cén fáth a luaitear iad?

a. *CPSU*
b. Micheál Martin
c. an bhean nach raibh sásta dul os comhair an cheamara

2. Déan comparáid idir an cás i gCathair Chorcaí agus i mBaile Átha Cliath.

3. Cad a deirtear faoi phas éigeandála?

Ceist 3 **(a)** Luadh cúrsaí ama sa mhír. An féidir leat féin agus an duine in aice leat a rá cad a tharla sna hamanna seo?

Maidin inniu
Anocht
20 lá

Ceist 4 '…chun na Spáinne…'

(a) Féach féin agus an duine in aice leat ar chuid de thíortha seo ón AE, cad iad? Scríobhaigí ainm na tíre in aice leis an phictiúr cuí.



(b) Cuirigí an focal **chun** roimh ainm na tíre i ngach cás anois (féach an sampla thuas). Ná déanaigí dearmad go nglacann ***chun*** an tuiseal ginideach.

Ceist 5 ‘…*os comhair* an cheamara…’

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i *gcló iodálach* thuas?

(b) Cuir na focail thíos in abairtí lena mbrí a léiriú. Ná déan dearmad go leanann an tuiseal ginideach na focail seo.

ar fud, os cionn, le haghaidh, le linn, i rith, tar éis

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén fáth a bhfuil na hoibrithe sa mhír ar stailc, dar leat?

An bhfuil do phas féin bailí? Cén uair a bheidh sé as dáta?

Tá a lán Meiriceánach gan phas – an bhfuil sé amhlaidh in Éirinn, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir Cuid (a) a dhéanamh sula seinntear an tuairisc agus Cuid (b) a dhéanamh tar éis na héisteachta.

1. bhí sé ina chíor thuathail
2. An Roinn Gnóthaí Eachtracha
3. a gcuid dualgas
4. a chomhlíonadh
5. ceardchumann
6. murab ionann agus
7. tháinig deacrachtaí chun cinn
8. éigeandála
9. sa tsáinn chéanna
10. riaráistí
11. próiseas smachtaithe
12. Chuir an *CPSU* fainic ar an rialtas.

Ceist 2

1.
(a) CPSU – Civic Public and Services Union. Dúirt ceardchumann an *CPSU* nár cheart don rialtas a bheith ag déanamh bagairtí.
(b) Micheál Martin – an tAire Gnóthaí Eachtracha. ‘Dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin inniu nach raibh oibrithe ag comhlíonadh a gcroí-dhualgas ach ní dhearna sé aon ráiteas ar leith faoi phróiseas smachtaithe a chur i bhfeidhm orthu.’
(c) ‘Labhair muidne le bean amháin a bhí trína chéile – ní raibh sí sásta labhairt os comhair an cheamara. Bhí sé i gceist aici dul chun na Spáinne anocht ach bhí a pas as dáta.’

2. Cé go bhfuil stailc ar siúl sa dá oifig agus cé go bhfuil scuainí móra i gCathair Chorcaí is féidir le daoine a gcuid pasanna a fháil cibé.

3. Is é an áit ar tháinig deacrachtaí chun cinn ná i gcás daoine a raibh pas éigeandála ag teastáil uathu. Tá na hoibrithe ag diúltú iad sin a eisiúint, ach amháin faoi chúinsí an-teoranta.

Ceist 3

Maidin inniu: Bhí radhairc dhrámatúla le feiceáil ag oifigí pas na tíre ar maidin. I mBaile Átha Cliath bhí daoine ag éirí fíor-imníoch faoina socruithe taistil. San oifig i gCathair Chorcaí bhí na scuainí fada chomh maith.

Anocht: Bhí sé i gceist ag bean dul chun na Spáinne anocht ach bhí a pas as dáta.

20 lá: Tá sé deimhnithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha go bhfuil riaráistí de dhaichead míle iarratas ar phasanna le próiseáil agus go dtógfaidh sé suas le fiche lá dul tríd na riaráistí sin.

Ceist 4 (a) agus (b)

An Ghearmáin – chun na Gearmáine
An Iodáil – chun na hIodáile
Éire – chun na hÉireann
An Danmhairg – chun na Danmhairge
An Phortaingéil – chun na Portaingéile
An Ghréig – chun na Gréige
An Pholainn – chun na Polainne
An Bheilg – chun na Beilge
An Ríocht Aontaithe – chun na Ríochta Aontaithe
An tSualainn – chun na Sualainne
An Fhrainc – chun na Fraince
An Fhionlainn – chun na Fionlainne

Ceist 5

(a) Réamhfhocal comhshuite.
(b) ar fud an tí, os cionn an dorais, le haghaidh na nuachta, le linn an chruinnithe, i rith an tsamhraidh, tar éis an chogaidh.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo nó plé a dhéanamh i ngrúpaí beaga.

Éimear Ní Chonaola

Bhí sé ina chíor thuathail ag oifig na bpasanna i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh arís inniu agus é ar intinn ag daoine a gcuid pasanna a phiocadh suas. Dúirt an Roinn Gnóthaí Eachtracha tráthnóna nach n-íocfaí daoine atá ag obair sna hoifigí a dhiúltaíonn a gcuid dualgas ar fad a chomhlíonadh. Ach, dúirt ceardchumann an *CPSU* nár cheart don rialtas a bheith ag déanamh bagairtí. Tá tuilleadh faoin scéal ag Caoimhe Ní Laighin.

Caoimhe Ní Laighin

Bhí radhairc dhrámatúla[1] le feiceáil ag oifigí pas na tíre ar maidin. I mBaile Átha Cliath bhí daoine ag éirí fíor-imníoch faoina socruithe taistil. San oifig i gCathair Chorcaí bhí na scuainí fada chomh maith, ach anseo, murab ionann agus Baile Átha Cliath, níor cuireadh moill rómhór ar dhaoine a bhí[2] ansin lena bpas a bhailiú. Ach, is é an áit ar tháinig deacrachtaí chun cinn ná i gcás daoine a raibh pas éigeandála ag teastáil uathu. Tá na hoibrithe ag diúltú iad sin a eisiúint, ach amháin faoi chúinsí an-teoranta. Labhair muidne le bean amháin a bhí trína chéile – ní raibh sí sásta labhairt os comhair an cheamara. Bhí sé i gceist aici dul chun na Spáinne anocht ach bhí a pas as dáta. Diúltaíodh dá hiarratas ar phas éigeandála agus bhí go leor daoine eile sa tsáinn chéanna léi anseo inniu. Tá sé deimhnithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha go bhfuil riaráistí de dhaichead míle iarratas ar phasanna[3] le próiseáil agus go dtógfaidh sé suas le fiche lá dul tríd na riaráistí sin. Dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin inniu nach raibh oibrithe ag comhlíonadh a gcroí-dhualgas ach ní dhearna sé aon ráiteas ar leith faoi phróiseas smachtaithe a chur i bhfeidhm orthu. Ach chuir an *CPSU*, a dhéanann ionadaíocht ar na hoibrithe, fainic ar an rialtas gan a bheith ag bagairt ar a mbaill.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, i gCathair Chorcaí

[1] *radharcanna dramatúla* a deirtear
[2] *a raibh* a deirtear
[3] *ar phas* a deirtear